

# Mír 2

## An bealach le Promhadh a dhéanamh ó thaobh Inscne



## Cúig chéim an Promhadh ó thaobh Inscne

Tá teimpléid an phróiséis a ghabhann le promhadh ó thaobh Inscne ar leathanach 25 den Lámhleabhar seo agus b'fhéidir go gcabhródh sé leat dá mbreathnófa air anois agus na treoirlínte seo dhá léamh agat.

Is sraith de chúig cheist atá sa bPróiseas seo go bunúsach, a ba chóir a chur faoi aon ghníomhaíocht/sprioc atá sé ar intinn ag d'eagraíocht a chur i bhfeidhm. Ba chóir freagraí na gceisteanna seo a shníomh isteach i gcáipéis phleanála straitéiseach nó gníomhaíochta d'eagraíocht.

Sprioc Gníomh atá le promhadh ó thaobh Inscne

1. Cén taithí agus cén ról difriúil atá ag fir agus ag mná a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gcaoi a bhfaigheadh siad leas as nó a bheith páirteach ann?

2. Céard iad impleachtaí na ndifríochtaí a léiríodh thuas.

3. Céard atá le déanamh againn chun an sprioc maidir le toradh cothrom a bhaint amach d'fhir agus do mhná de bharr na n-impleachtaí seo ?

4. Cé air a bheidh an cúram a chinntiú go ndéanfar beart de réir an bhriathar?

5. Cén chaoi a dtomhasfaidh muid an dul chun cinn? (spriocanna. Táscairí)

### Sula dtosaíonn tú ar an bpromhadh...

- Bailigh aon staitisticí Inscne indheighilte , fíricí agus eolas faoin cheist a bhfuil aird dhá dhíriú air sa ngníomh/sprioc le go mbeidh tú in ann freagra oiriúnach a thabhairt ar Chéim 1 agus spriocanna réalaíocha a leagan síos do Chéim 5.
- Téigh i gcomhairle le fir agus nó le mná sna spriocghrúpaí chun cur le do fhreagra ar cheist a haon.



## An próiseas Cúig-Chéim maidir le promhadh ó thaobh Inscne-Treoirilinte

Déan do mhachnamh faoi na nithe seo a leanas agus an teimpléid seo dhá chríochnú agat

- Ullmhaíodh na ceistanna chun a chinntiú go ndéantar machnamh faoi gach céim den phróiseas ar bhonn na bhfreagraí a tugadh ar an chéim a chuaigh roimhe. Dá bhrí sin, cé má bhreathnaíonn sé soiléar, ba chóir gach ceist a léamh i dtosach agus tuscint a fháil orthu agus a chinntiú nuair atá bileog na bhfreagraí dhá líonadh go bhfreagraítear an cheist atá faoi chaibidil.
- Tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil an bhéim ar chúrsaí Inscne i gcaitheamh an ama. Tá a lán daoine níos eolaí ar an bpróiseas pleanála ná mar atá siad ar an bpróiseas a ghabhann le promhadh. Dá bhrí sin d'fhéadfadh fonn a bheith orthu an sprioc nó an gníomh a bhaint amach in áit díriú ar an ghné Inscne den ghníomh/ sprioc. Is é an bhéim ar an difríochtaí iidir fir agus mná an bealach le hidirdhealú a dhéanamh idir an próiseas a ghabhann le promhadh ó thaobh Inscne agus an gnáth phróiseas pleanála. Tá sé rí-thábhachtach go gcoinneofaí an bhéim air seo nuair atá tú ag obair tríd an phróiseas.
- Cuir an cuspóir a ndéanfar promhadh ó thaobh Inscne air san áireamh sa bhfoclaíocht atá i gCeist 1 ( faoi mar atá sna samplaí a leanann). Cabhróidh sé seo leis an bhéim a choinneál ar chúrsaí Inscne.
- Socróidh freagra na céad ceiste an clár iomlán Inscne do chur i bhfeidhm an chuspóra. Tá sé tábhachtach go bhfreagrófaí an cheist seo chomh cruinn agus is féidir. Úsáid eolas agus staitisticí áitiúla más féidir. Muna mbíonn eolas ar fáil go háitiúil, úsáid staitisticí náisiúnta nó tuairiscí taighde. I gcásanna áirithe nuair nach mbíonn staitisticí ar fáil, beidh ort brath ar eolas na mbaill agus daoine eile go háitiúil. (Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh staitisticí ar fáil a léireodh gur na mná i do cheantar a bhreathnaíonn i ndiaidh na ngasúr. Ach ní chuirfidh sé seo aon bhac ort cinnidh a bhunú ar an bhfíric go nglactar leis gur na mná a bhreathnaíonn i ndiaidh na ngasúr i sochaí na hÉireann muna bhfuil tú cinnte, téigh i dteagmháil le grúpaí fear nó ban atá ag plé leis na ceistanna seo.
- Coinnigh éasca péasca é. Is cuid de thaithí laethúil chuile dhuine na difríochtaí atá idir saol na bhfear agus na mban, agus na difríochtaí a chuireann leis an éagcothromas ach go háirithe.
- Glactar leis go mbíonn sé níos deacra réiteach atá soiléar a chur i bhfeidhm go minic. Caithfidh spriocanna réalaíoch a bheith agat agus caithfidh tú theacht ar réiteach na bhfadhbanna ar bhealach céimnithe..

*“Policies which reflect the realities of women’s lives will assist in enabling women to contribute fully to society and society as a whole will benefit from the skills women have to offer.”*  
 NZ Ministry for Women’s Affairs

## Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

- Beidh bearta le déanamh ar bhonn náisiúnta chomh maith leis an mbonn áitiúil in amanna chun freagra a thabhairt ar na ceisteanna a aithníodh go háitiúil. D'fhéadfadh sé go gcaithfí bearta a chur san áireamh a chothóidh athraithe go háitiúil agus go náisiúnta

### COINNIGH ÉASCA PÉASCA É


Sén réiteach atá againn ná, córas saoire eile, scéim cúitimh atá bunaithe ar chrannchur `srl...



- Beidh taighde le déanamh nó beidh eolas le bailiú sa chás nach bhfuil aon eolas nó easpa eolais ar ábhar ar leith. Más amhlaidh an cás, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí an teimpléid a chríochnú go mbeadh an taighde seo déanta.
- Ba chabhair duit an sprioc a bhriseadh síos ina chodanna. Más é an sprioc mar shampla ná " ionad acmhainní pobail a fhorbairt" d'fhéadfaí é a bhriseadh síos mar seo a leanas: bunú an ionaid; earcú foirne, cé a bheidh á úsáid: na gníomhaíochtaí/an teolas a chuirfear ar fáil ann; poiblíocht don bheart.

***B'iad daoine a ghlac páirt i gcúrsa oiliúna de chuid an Bhoird Forbartha Contae a ndearnadh tagairt de sa réamhrá a rinne na samplaí seo a leanas. Baineadh na spriocanna/ na beartanna as cáipéisí straitéiseacha na mBFC (bhí chuile cheann acu i bhfoirm dréachta nuair a bhí an oiliúint ar siúl)***

## Na Teimpléid chríochnaithe - Sampla a hAon ó Seisiún Traenála BFC



Spríoc :

***Meitheal oibre idir áisinteacht a bhunú ar bhonn contae (le hionadaithe ó na h-eagraíochtaí reachtúil, deonach agus pobail)***

**Céim 1 Céard iad na difríochtaí is mó atá idir taithí agus rólanna na bhfear agus na mban a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an mbuntáiste a d'fhéadfadh siad a fháil as meitheal oibre idir áisinteachta?**

- Is iad na mná a thógann na gasúir go hiondúil.
- Is iad na fir a bhíonn ag obair taobh amuigh den teach go hiondúil.
- Ní bhíonn fáil ag mná ar an gcarr clainne go príomha.
- Tá an iomarca fir i bpostanna sinsearacha déanta cinnidh sna heagraíochtaí stáit agus deonach.
- Bíonn níos lú taithí ag mná ar rólanna poiblí/ionadaíoch.

**Céim 2 Céard iad na himpleachtaí atá ag na difríochtaí seo ar an spríoc seo?**

- Muna bhfreastlaítear ar na riachtanais chúram leanaí don lá ar fad, ní dócha go mbeidh na mná páirteach. Má bhíonn cruinnithe ar siúl ag amanna a bhfuil aird ó na gasúir (gasúir le bailiú ag an scoil mar shampla) ní dócha go mbeidh na mná páirteach.
- D'fhéadfadh sé go gcaithfí cruinnithe a reáchtáil ag amanna difriúla d'fhir agus do mhná le go mbeidís in an freastal orthu.
- Muna gcuirtear cúrsaí taistil san áireamh d'fhéadfadh sé nach mbeadh mná in ann freastal.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh an iomarca fir ar an meitheal oibre agus gan go leor airde ar ghnóthaí na mban dá bharr.
- Muna gcinntítear go n-úsáidtear modhanna le gach duine a spreagadh le bheith páirteach d'fhéadfadh sé nach gcloisfí glórthaí na mban.

## Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

### Céim 3 Dá bhrí sin, céard atá le déanamh againn agus an sprioc seo a chinnteoidh toradh céanna d'fhir agus do mhná a bhaint amach againn?

- Caithfear freastal ar na riachtanais chúraim leanaí atá ag na baill (is dócha gur meascán de naíolanna agus liúntas cúraim leanaí a bheidh anseo).
- Reáchtáil na cruinnithe ag amanna a fheileann fir agus mná araon. B'fhéidir go gcaithfí am na gcruinnithe a mhalartú chun a chinntiú go bhfreastlófar ar na riachtanais éagsúla de réir a chéile.
- Cuir córas taistil nó costaisí taistil ar fáil.
- Ba chóir go mbeadh comhionannas Inscne ar an mheitheal oibre (60:40) . ba chóir go mbeadh comhionannas Inscne san ionadaíoch eanála freisin. Ba chóir tabhairt faoi ar bhealach dearfa muna bhfuil seo ag tarlú. Cuir oiliúint ar fáil agus cuir chun cinn é chun an rannpháirtíocht a spreagadh agus gan cabhrú leo siúd a bhfuil post acu.
- Reáchtáil na cruinnithe ar bhealaí a thugann tacaíocht do mhodhanna páirtíochta éagsúla - grúpaí oibre beaga, féinmhacnamh srl le cabhrú leo siúd nach bhfuil an oiread muiníne acu astu féin a bheith páirteach go hiomlán).


### Céim 4 Cé a chuirfidh na gníomhaíochtaí i bhfeidhm

- Comhordóir an ghrúpa i dtosach. Ina dhiaidh sin, caithfidh an grúpa teacht ar shocrú faoin nós imeachta a bheidh acu.

### Céim 5 Céard iad na slata tomhais a bheidh againn ? (Spriocanna, Táscairi)

- An cúram leanaí/ seandaoine atá ar fáil agus an méid daoine atá á n-úsáid.
- An Comhionannas Inscne de 60:40 a bhaint amach taobh istigh de 3 bliana.
- Comhionannas Inscne de 60:40 i ngach eanáil.
- Go mbeidh 90% de na daoine sásta le ham agus leagan amach na gcruinnithe. (baileofar eolas faoi shástacht le linn athbhreithniú bliantúil-ceistneoir) .
- Go ndeir na rannpháirtithe go bhfuil ar a gcumas a bheith páirteach go hiomlán/ go cothrom le linn na gcruinnithe.

## Na Teimpléid chríochnaithe - Sampla II ó Seisiún Traenála BFC



**B'iad daoine a ghlac páirt i gcúrsa oiliúna de chuid an Bhoird Forbartha Contae a ndearnadh tagairt de sa réamhrá a rinne na samplaí seo a leanas.** Baineadh na spriocanna/ na beartanna as cáipéisí straitéiseacha na mBFC (bhí chuile cheann acu i bhfoirm dréachta nuair a bhí an oiliúint ar siúl)

**Céim 1 Céard iad an taithí éagsúil agus na rólanna éagsúla atá idir fhir agus mhná a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an leas a gheobhadh siad as spás oibre inacmhainneach a bheith ar fáil in áiteanna éagsúla.**

- Bíonn na mná ag obair ag baile, ag bainistiú daoine, airgead agus acmhainní. D'fhéadfadh gan an féinmhuinín a bheith acu sa bhfiontraíocht. D'fhéadfadh gan mórán taithí a bheith acu ar dhaoine a bhainistiú nó ar fhostaíocht struchtúrtha. Tá níos mó taithí ag na fir ar an gcineál seo fostaíochta agus tá cleachtadh acu ar sheansanna a thógáil ag an obair.
- Is ar na mná atá cúram na ngasúr a thógáil go hiondúil.
- Ní bheidh córas taistil ar fáil do mhná go minic.
- Is mó an seans go raibh fir páirteach i gcúrsaí fiontraíochta cheana.
- Samhlaítear gur túisce a dhéanfar ionsaí ar mhná.
- D'fhéadfadh sé gur taithí diúltach a bhí ag mná nuair a bhí maoiniú á lorg acu.

**Céim 2 Céard iad na himpleachtaí a bheidh ag na difríochtaí seo ar an sprioc?**

- D'fhéadfadh sé nach bhfuil a dhóthain muiníne ag mná astu féin le gnó a bhunú. Muna gcuirtear bearta dearfacha i gcrích le heaspa taithí agus nó féinmhuiníne na mban, ní dócha go mbainfidh siad leas as an spás oibre. Bainfidh fir leas as an spás oibre de bharr an taithí a bhí acu cheana.
- Caithfidh áiseanna cúraim leanaí a bheith ar fáil do mhná san ionad nó gar de.
- Beidh níos lú seans ann go mbainfidh mná leasa s an spás oibre gan córas taistil a bheith ar fáil.
- Tá baint ag cúrsaí sábháilteachta do mhná ach go háirithe leis mar gur in áiteanna cuí ar imeall na mbailte a bhíonn na spáis oibre go hiondúil.



## Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

### Céim 3 Céard a chaithfidh muid a dhéanamh agus an sprioc a chinteoidh toradh cothrom d'fhir agus do mhná á chur i gcrích againn?

- Cúrsa "tosaigh do gnó féin" a ndearnadh promhadh ó thaobh Inscne air, a réachtáil le custaiméirí a mhealladh. Cuir cúrsaí speisialta ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar easnamh scileanna na mban agus na bhfear.
- Cuir naíolanna ar fáil san ionad do oibrithe agus do chustaiméirí araon.
- Cuir roghanna taistil ar fáil.
- Cinntigh go dtugtar aird ar chúrsaí sábháilteachta ar nós soilse agus córais sláinte pearsanta agus an dearadh a dhéanamh.
- Labhair le hinstiúidí airgid ar nós Comhair Creidmheasa faoi rátaí úis, iasachtaí fadhréimhse srl agus spreag iad le bheith aireach faoi chúrsaí Inscne agus a gcuid oibre á dhéanamh acu. Cuir an taithí bainistíochta airgid atá ag mná ar airgead an tí san áireamh sa chás nach bhfuil taithí fhoirmeáilte buiséidiú nó bainistiú airgid acu.


### Céim 4 Cé air a mbeidh an cúram beart a dhéanamh den bhriathar?

- Na Boird Forbatha, Na Fóraim Phobail, An Coiste Gairmoideachais, Na Gardaí, An Chomhairle Contae.

### Céim 5 Céard iad na slata tomhais a úsáidfidh muid maidir leis an dul chun cinn cinn (spriocanna, táscairí)

- An spás atá á úsáid ag fir agus mná.
- An méid fir agus mná atá fostaithe.
- An méid fir agus mná atá i mbun oiliúna.
- An méid tionscail a bhunaíonn fir agus mná.

## Na Teimpléid chríochnaithe - Sampla III ó Seisiún Traenála BFC



Fo -sprioc:

**Meitheal oibre le bunú le straitéis a ullmhú don chontae ó thaobh fostaíocht a chruthú**

**Céim 1 Cén taithí difriúil agus céard iad na rólanna difriúla atá ag fir agus mná a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an leas a bhainfeadh siad as bunú meitheal oibre a bheadh ag plé le hullmhú straitéis cruthú fostaíochta don chontae?**

- Tá níos mó seans nach raibh ról déanta cinnidh ag mná ar mheithil den chineál seo. Tá níos lú seans ann go raibh fir cleachtaithe le caidreamh le mná ag fóram den chineál seo . Tá níos lú seans ann gur mná iad an sprioc grúpa (baill an mheithil oibre) de bhrí nárbh iad a shaothraigh airgead de ghnáth. Tá níos lú taithí ag mná sa gcineál seo fóraim.
- Is obair pháirtaimseartha a bhíonn ag mná agus obair lánaimseartha a bhíonn ag fir. Ní bhreathnaíonn fir agus mná mar an gcéanna ar na cineálacha postanna a chaithfear a chruthú.
- Is ar na mná atá an cúram na gasúir a thógáil den chuid is mó.

**Céim 2 Cén tionchar a bheidh ag na difríochtaí seo ar an sprioc?**

- Beidh sé deacair mná a mhealladh le bheith páirteach sa bpróiseas déanta cinnidh agus a bheith mar pháirt de.
- Ní bheidh mórán tuisceana ag na fir go bhfuil riachtanais ar leith ag na mná
- Is beag seans go mbeidh comhionannas Inscne nádúrtha ar an meitheal oibre. Beidh níos mó cabhrach ó na mná má tá siad le bheith páirteach.
- Caithfear réimse fostaíochta a chur san áireamh le gur féidir freastal ar na riachtanais dhifriúla atá ag fir agus mná. Caithfear níos mó roghanna ar nós post a roinnt, a chur ar fáil. Beidh gá le straitéisí atá níos báúla leis an gclann.
- Déanfar nós de naíolanna agus córas tacaíochta cúram leanaí sa láthair oibre le postanna a dhéanamh níos tarraingtí do mhná.

## Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

### Céim 3 Sa chás sin, céard atá le déanamh againn agus an sprioc seo á bhaint amach againn lena chinntiú go mbeidh toradh cothrom ar fáil d'fhir agus do mhná.

- Cuir an bhéim ar thógáil acmhainne le daoine a d'fhéadfadh a bheith ina mbaill den ghrúpa.
- Freastal ar riachtanais oiliúna eolais Inscne le gur féidir fóram a bhunú le cúrsaí Inscne i gcomhthéacs na fostaíochta de a mheas.
- Caithfidh comhionannas Inscne a bheith ar an meitheal oibre nó 60:40 ar a laghad. B'fhéidir go mbeidh bearta dearfacha le tógáil chun a chinntiú go dtárlóidh sé seo. Aimsigh na constaicí atá ar mhná a bheith páirteach sa mheitheal oibre agus cuir ag imeacht iad.

#### *Gníomhaíochtaí breise*

Caithfear oiliúint i gcúrsaí Inscne a chur ar fáil le deis a thabhairt iad a phlé ó thaobh na fostaíochta.


### Céim 4 Cé air a mbeidh an cúram na nithe seo a dhéanamh?

- An Roinn Soisialach, Pobail agus Gnóthaí Teaghlaigh, An Meitheal Oibre, Na Boird Forbartha Contae, eagraíocht ainmnithe.

### Céim 5 Cén chaoi a dtomhaisfear an dul chun cinn (spriocanna, táscairí)

- An grúpa roinnte 60 – 40.
- An méid freastal atá á dhéanamh air agus an bealach a mbíonn fir agus mná páirteach ann.
- An líon atá ag baint leas as na seirbhísí cúraim leanaí 'srl.

## Na Teimpléid chríochnaithe - Sampla IV ó Seisiún Traenála BFC



Fo- sprioc:

**Oiliúint agus cabhair theicniúil a chur ar fáil i dteicneolaíocht an eolais**

**Céim 1 Cén taithí difriúil agus céard iad na rólanna difriúla a bhí ag fir agus mná a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an leas a gheobhadh siad as clár oiliúna TE**

- Bíonn níos mó fir ná mná páirteach i gcúrsaí gnó, agus bíonn níos lú postanna sinsearacha ag na mná.
- Is mó an seans go bhfuil scileanna clóbhuailte ag na mná cheana féin agus nach bhfuil fir ar a suaimhneas le méarchlár.
- Baineann mná leas as ríomhairí de ghnáth mar uirlis riaracháin (WORD, Excel etc.)
- Bíonn na hamanna a bhíonn an oiliúint traidisiúnta ar siúl níos feiliúnaí d'fhir. Ní mór don oiliúint a bheith ar siúl ag am a fheileann fir agus mná araon - níos báúla don chlann.
- Tógann na mná an cúram orthu féin na gasúir a thógáil sa mbaile.
- Ní ghlacann fir a oibríonn ar fheirmeacha páirt i gcúrsaí oideachais san oíche go hiondúil.
- Breathnaíonn a lán mná ar phostanna TE mar phostanna d'fhir.

**Céim 2 Cén tionchar atá ag na difríochtaí seo ar an sprioc seo.**

- Is dócha nach gcuirfidh fir a bhfuil postanna sinsearacha bainistíochta acu isteach ar an gcúrsa. Tá fir atá níos sine agus a bhfuil postanna bainistíochta acu faoi mhíbhuntáiste. Bíonn drogall orthu roimh ríomhairí - ag cailleadh eolais.
- Beidh pointe tosaithe difriúil ag fir agus mná.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh oiliúint inseirbhíse ó mhná chun an leas is fearr a bhaint as ríomhairí sna poist atá acu cheana féin (an idirlín, ag aimsiú eolais 'srl)
- Ní dócha go mbeidh tarringt ag fir agus mná orthu muna mbíonn roghanna solúbtha ar fáil. Caithfear an oiliúint a chur ar fáil d'fhir agus do mhná le linn uaireanta oibre má tá siad araon le leas a bhaint as (báúil leis an gclann)
- Beidh áiseanna cúraim leanaí, naíolanna agus airgead ag teastáil má tá na mná le bheith páirteach.
- Caithfear a thabhairt san áireamh nuair a bheidh daoine á chur ar an eolas nach dtiocfaidh fir chun tosaigh le bheith páirteach sa chlár de bharr an leisce seo.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh an muinín ag mná astu féin le cur isteach ar an gclár.

## Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

### Céim 3 De bharr na cúinsí seo céard a bheidh le déanamh againn chun a chinntiú go mbeidh toradh cothrom as ár n-iarrachtaí leis an sprioc seo a bhaint amach d'fhir agus do mhná.

- Caithfear aird a thabhairt, nuair atá ardú céime a dhéanamh, ar an tuairim a d'fhéadfadh a bheith ag fir a bhfuil postanna sinsearacha acu gur laigeacht é an easpa eolais ríomhaireachta atá acu.
- Cuir na pointí éagsúla tosaithe atá ag fir agus mná san áireamh agus an oiliúint a ullmhú. Déan cinnte de nach gcuireann fir agus mná leis na scileanna traidisiúnta ríomhaireachta. Meall iad araon le níos mó úsáide a bhaint as.
- Cuir an oiliúint ar fáil ag amanna éagsúla go mbeidh clár a mbeidh teacht ag fir agus mná araon air, ullamh.
- Cuir naiolanna ar fáil san ionad agus tabhair líuntas leanaí freisin.
- Cuir béim ar leith ar an TE a chur chun cinn i measc na bhfear trí leas a bhaint as agallaimh ráidíó, bolscaireacht in áiteanna a dtagann fir le chéile go traidisiúnta mar mairt. Bí dearfach ó thaobh teacht ar na mná - ná bíodh an TE ina scéal rúin!
- Bí dearfach ó thaobh an bhealach a chuirtear oiliúint teicneolaíochta ar fáil do bhuachaillí agus do chailíní sna scoileanna náisiúnta.


### Céim 4 Cé a thógfaidh an cúram orthu féin an obair seo a chur i gcrích?

- An Coiste Gairmoideachas, FÁS, Teagasc, Na Páirtnéireachtaí Shoisialta, An Scéim Iompair Tuaithe.

### Céim 5 Cén chaoi a dtomhasfaidh muid an dul chun cinn? (spriocanna, táscairí)

- Déan monatóireacht ar an méid daoine a ghlacann páirt sna cláir oiliúna - rangaithe de réir gnéis agus cineál oiliúna. An coimheas idir fir agus mná ar an gcúrsa.
- Leag síos spriocanna agus déan monatóireacht rialta orthu de réir mar a athraíonn cúrsaí. (Caithfear pointe áirithe a ghlacadh le spriocanna feiliúnacha a shocrú.)
- An méid mná agus fir a chríochnaíonn an cúrsa go sásúil.
- Céard a dhéanann siad leis an oiliúint - a rogha dul chun cinn.

## Na Teimpléid chríochnaithe - Sampla V ó Seisiún Traenála BFC



Fo-spríoc:

**Go mbunófar Ionad Ealaíne/Cathartha/Cultúrtha don chontae, a mbeidh sé éasca teacht air.**

**Céim 1 Cén taithí difriúil agus céard iad na rólanna difriúla a bhí ag fir agus mná a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an leas a gheobhadh siad as ionad ealaíne/ cultúrtha? ( Déan do mhachnamh faoi bhainistíocht an ionaid, na daoine a úsáidfídh é, dearadh agus cur chun cinn cláir)**

- Is iad na mná is mó a bhreathnaíonn i ndiaidh na gasúir.
- Is iad na fir go hiondúil a oibríonn ón 9 - 5.
- Níl na mná luaite leis na healaíona de gnáth - níl an oiread eolais ag daoine faoi ealaíontóirí ban nó mná sa stair nó i gcúrsaí cultúrtha.
- Is ag na fir a bhíonn an carr go hiondúil agus is iad na mná a úsáideann an córas iompair poiblí.

**Céim 2 Cén tionchar atá ag na difríochtaí seo ar an spríoc seo.**

- Gan naíolann ní bheidh na mná in ann an t-ionad a úsáid.
- Gan uaireanta oibre solúbtha d'fhéadfadh sé nach mbeadh na fir in ann an t-ionad a úsáid.
- De bhrí go bhfuil eolas ag níos mó daoine ar ealaíontóirí fear muna gcuirtear an bhéim ar na mná d'fhéadfadh éagcothromaíocht a bheith sa gclár.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh fadhb ag cuid de na mná dul go dtí an t-ionad.

## Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

### Céim 3 De bharr na gcúinsí seo céard a bheidh le déanamh againn chun a chinntiú go mbeidh toradh cothrom as ár n-iarrachtaí leis an sprioc seo a bhaint amach d'fhir agus do mhná

- Cuir naíolann/ áiseanna cúraim páistí ar fáil le cabhair fordheontas.
- Bíodh na huaireanta oscailte solúbtha agus bíodh sé ar oscailt mall dhá oíche den tseachtain chomh maith leis an tSatharn.
- Caithfidh an clár fir agus mná a mhealladh. Caithfidh sé ról na bhfear agus na mban sa tsochaí chomh maith leis an méid a chuireann siad isteach ann a léiriú freisin. Tabhair dúshlán na seantuirimí agus seachain (msh. comórtas ealaíne d'athreacha agus a ngasúir).
- Pioc ionad atá lárnach agus áit a dtéann an córas taistil poiblí fad leis.

#### *Gníomhaíochtaí breise*

- Bíodh an promhadh ó thaobh Inscne ar chlár na gcrúinnithe foirne agus déan athbhreithniú rialta ar na spriocanna promhaidh.


### Céim 4 Cé a thógfaidh an cúram orthu féin an obair seo a chur i gcrích

- An áisín-teacht a chuirfidh i bhfeidhm é.
- Foireann an ionaid uilig agus na bainisteoirí ach go háirithe.

### Céim 5 Cén chaoi a dtomhasfaidh muid an dul chun cinn? (spriocanna, táscairí)

- Déan monatóireacht ar an méid fir agus mná atá páirteach - an líon ban le gasúir a úsáideann an t-ionad: an úsáid a bhaineann fir as an ionad.
- Beidh deis ag na daoine a úsáideann an t-ionad a dtuirimí a thabhairt agus tabharfar aird orthu.
- Beidh comhionannas Inscne 60:40 sa mbainistíocht.
- Beidh comhionannas Inscne sláintiúil á léiriú sa gclá agus léireofar íomhánna dearfacha agus dúshlánacha d'fhir agus de mhná ann.
- Bíodh an promhadh ó thaobh Inscne ar chlár na gcrúinnithe foirne ar bhonn rialta.

## Na Teimpléid chríochnaithe - Sampla VI ó Seisiún Traenála BFC



Fó sprioc:

**Go gcuirfear sparántachtaí oideachasúla sna healaíona agus sa gcultúr ar fáil d'ealaíontóirí sa chontae.**

**Céim 1 Faigheann fir agus mná eolas ar bhealach difriúil (fir ó na páipéar nuachta, mná ón raidió áitiúil 'srl.)**

- Tá fir níos feiceálaí sna healaíona, agus tá níos mó postanna déanta cinnidh acu.
- Ní bhreathnaítear ar iarrachtaí ealaíne na mban go minic mar ealaíon.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh mná in acmhainn oibriú ar shiúl ón mbaile de bharr cúraimí eile.

**Céim 2 Cén tionchar atá ag na difríochtaí seo ar an sprioc seo.**

- Má tá eolas maith le bheith ag fir agus ag mná caithfear bealaí éagsúla a úsáid chun an t-eolas a scaipeadh.
- Beidh níos mó fonn ar fhir cur isteach air más íomhá ealaíne fireann atá á léiriú.
- D'fhéadfadh sé nach dtabharfaí an aird céanna ar iarrachtaí ealaíne na mban agus a thugtar d'iarrachtaí na bhfear.

**Céim 3 De bharr na gcúinsí seo céard a bheidh le déanamh againn chun a chinntiú go mbeidh toradh cothrom as ár n-iarrachtaí leis an sprioc seo a bhaint amach d'fhir agus do mhná?**

- Scaip an t-eolas go cruinn trí leas a bhaint as bealaí éagsúla - agus úsáid do shamhlaíocht!
- Faigh comhairle faoi na critéir roghnaithe, ag cinntiú go núsáidtear sainmhíniú leathan den ealaíon agus go léirítear iarrachtaí ealaíonta fir agus mná araon sa bpróiseas iarratais uilig.
- Cinntigh go bhfuil a dhóthain solúbthacht ann le go mbeidh daoine i bpostanna éagsúla in ann iarratais a dhéanamh.

Gníomhaíocht breise

- Bíodh comhionannas Inscne ar an gcoiste roghnaithe.
- Cinntigh go bhfuil airgead ar fáil do ghrúpaí fir nó mná nach bhfuil an t-ionadaíocht cóir acu.



## Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

### **Céim 4 Cé a thógfaidh an cúram orthu féin an obair seo a chur i gcrích?**

- An eagraíocht atá ag tairiscint an spárántacht agus atá ag roghnú na hiarrthóirí.

### **Céim 5 Cén chaoi a dtomhaisfaidh muid an dul chun cinn? (spriocanna, táscairí)**

- Leag síos sprioc de 60:40 muna bhfuil cóimheas socraithe.
- Líon na n-iarratas ó fhir agus ó mhná.
- An líon céanna fir agus mná ar an gcoiste roghnaithe - labhair leis na saineolaithe faoi.
- Déan meastóireacht ar aon bheart a tugadh faoi le feiceáil ar bhain siad a n-aidhmeanna amach.



## Na Príomhphointí foghlama

D'éirigh ceisteanna áirithe nuair a bhíodhas ag tabhairt faoin gcúrsa oiliúna seo atá bunaithe ar an ábhar atá sa lámhleabhar seo. Cuirfear iad san áireamh in aon chúrsa den chineál seo a bheidh a chur ar fáil amach anseo.

- Brathfaidh deathoradh na hoiliúna promhadh ó thaobh Inscne ar suim na bhfear san ábhar. De bhrí go mbíonn níos mó tionchair ag an éagcothromas Inscne ar mhná, cheapfaí gur iad amháin a bhainfeadh leas as infheistíocht i bpromhadh ó thaobh Inscne. Ach ní mar sin atá an scéal, tuigtear anois go bhfuil tionchar dona ach difriúil aige ar na fir sa tsochaí chomh maith. Is féidir an bhéim a chur ar an éagcothromaíocht ó thaobh na mban de chomh maith leis an tionchar ar fad de bharr an promhadh ó thaobh Inscne. Má bhíonn baint ag an ábhar le gach rannpháirtí agus má bhíonn leas le fáil acu as, éireoidh leis. Ba chabhair é eolas a chur ar fail faoi na bealaí atá an sochaí curtha le chéile, agus go háirithe na nithe a fhágann na fir thíos leis chomh maith leis an mbealach a d'fhéadfadh an promhadh ó thaobh Inscne é a réiteach.
- Tá na difríochtaí is mó le fáil idir stádas na mban agus na bhfear i réimsí na ndeiseanna dul chun cinn agus na gairme de chomh maith leis an ionadaíocht ar eagraíochtaí déanta cinnidh. Nuair atáthar ag díriú aird ar an gcomhionannas seo tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfí an bhéim ar roghanna a chur ar fáil do dhaoine agus ar dheis a thabhairt dóibh roghanna a dhéanamh. D'fhéadfadh míthuiscintí tárlú muna ndéantar é seo. Ní mór na nithe seo a leanas a dhearbhú.
  - An bhéim ar phostanna déanta cinnidh a bheith ag mná cé nach ionann sin le rá go bhfuil siad níos fear ar aon bhealach agus na mná atá postanna sóisearacha acu. Má thograíonn mná fanacht i bpostanna sóisearacha, tá an ceart sin acu agus is rud maith é. Is é an t-údar atá leis an bpromhadh ó thaobh Inscne ná na constaicí a stopann daoine ó dhul chun cinn a dhéanamh a chur ag imeacht.
  - Ar an tslí céanna níl aon bhreithiúnas a dhéanamh ar na mná atá ag obair ag baile fiú má tá an bhéim á cur ar stádas polaitíochta agus eacnamaíochta na mban. Tá sé thar a bheith éasca beag a dhéanamh den obair a dhéanann na mná ag baile. Séard atá tábhachtach ná go bhfuil na mná ag baile de bhrí gur thograigh siad féin. Ní mór roghanna a bheith acu freisin.

## Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

- Táthar ag moladh go mbeadh tuilleadh ionadaíochta ag mná i bpostanna déanta cinnidh de bhrí go gcreidtear go daingean go bhfuil sé bunaithe ar a gcumas. Is ionann an promhadh ó thaobh Inscne agus deireadh a chur leis na constaicí a stopfadh mná ó iarratas a dhéanamh ar phostanna sinsearacha. Titeann sé seo amach de bharr cúraimí clainne a bhíonn ar na mná go minic agus nach mbíonn ag na fir. Moltar sa bpromhadh ó thaobh Inscne, go gcuirfí deireadh leis na constaicí seo le go mbeidh na mná in ann dul i gcoimhlint ar bhealach chothrom. Má dhéantar ceapachán is ar bhonn ábaltachta a dhéanfar iad.
- Caithfear an bhéim a chur ar eolas nach bhfuil bailithe le chéile ach go háirithe. Má chríochnaítear an teimpléid gan é, beifear ag brath an iomarca ar thuiscint agus ar thuairimíocht. D'fhéadfadh difríochtaí tuairimí agus teip a bheith mar thoradh ar gan an pointe tosaithe a bheith aontaithe (d'fhéadfadh sé seo a bheith thar a bheith deacair má tá daoine in aghaidh phróiseas an phromhaidh ó thaobh Inscne) ina theannta sin tá sé fiordheacair teacht ar spriocanna agus ar tháscairí muna bhfuil an buneolas ar fáil.

## Críoch

Beidh meastóireacht ionraice ar na difríochtaí atá inár saoil mar thoradh ar fheidhmiú straitéis éifeachtach maidir le promhadh ó thaobh Inscne. Aithneoidh muid na difríochtaí agus tuigfidh muid iad agus beidh muid in ann ár bpolasaithe agus ár gcleachtas a chur in oiriúint dóibh dá bharr. Tá an difríocht agus an éagsúlacht sláintiúil - cinnteofar má chuirtear an próiseas maidir le promhadh ó thaobh Inscne i bhfeidhm go héifeachtach nach gcothófar caidreamh cumhachta mí chothrom idir fhir agus mná de bharr na n-éagsúlachtaí seo áfach.

Ní raibh tú ag obair le fada.  
Meas tú an bhfuil tú in ann aige

Do shuí ar do thóin atá tusa le fada.  
Agus an chuma sin ort

